# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

# Bord Bainistíochta

## Cruinniú – Dé Céadaoin 17ú de Dheireadh Fómhair 2018 5:00 i.n. – 7.00 i.n.

## Miontuairiscí Aontaithe – na Tuismitheoirí agus Caomhnóirí / Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 17ú de Dheireadh Fómhair ag 5.00 i.n.

**I láthair**, bhí Tomás Ó Coistealbha, Cormac Ó Confhaola, Máire Ní Chathasaigh, Seán Ó Cionnaigh, Pádraig Ó Céarnaigh, Marion Uí Chatháin, Caroline Seoighe agus Gearóidín Ní Chonghaile (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal** ó Seán Ó Tuairisg

1. **Fáilte**
   Cuireadh fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú.
   Moladh T. Ó Coistealbha mar Chathaoirleach. Thug P. Ó Céarnaigh an moladh do cheapadh T. Ó Coistealbha mar chathaoirleach ar an mBord le tacaíocht ó Seán Ó Cionnaigh. Bhí baill an Bord sásta le seo. Rinne T. Ó Coistealbha ardmholadh a thabhairt d'obair na gcapall a bhí déanta ag S. Ó Tuairisg ar son na scoile mar Chathaoirleach thar na blianta agus go mórmhór tríd an Mór Chigireacht anuraidh.

2. **Miontuairiscí**
   Mhol C. Ó Confhaola le cuidiú ó C. Seoighe go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, a scaipeadh roimh ré.

3. **Ag éirí as na Miontuairiscí**

Ní raibh aon cheo ag éirí astu. Déanadh uasdátú ar pholasaí Chaomhnú Leanaí agus ar Pholasaí Frithbhulaíochta. Mhol P. Ó Céarnaigh na polasaithe le tacaíocht ó Seán Ó Cionnaigh.

4. **Comhfhreagras**

Rinne an Príomhoide cursíos ar an gcomhfhreagras chuig an mbord. Socraíodh go mbeadh cruinniú do thuismitheoirí le daltaí sa scoil acu ar Scéim Aitheantas na Scoile ar 15ú Samhain 2018.

5. **Tuairisc ón Rúnaí**

Scaipeadh leabhrán eolas ar an scoil ar bhaill an Bhord.

a. **Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Vacsaín, Dáileadh Ríomhaire Wriggle agus Clár Tástála

Bliain 2: Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain agus Scléip, Junior Maths Excellence i NUIG

Bliain 3: Comórtas Díospóireacht Uí Chadhain agus Scléip agus Junior Maths Excellence i NUIG

Bliain 5: Comórtas Náisiúnta Treabhairdóireachta agus Clár Wiser le Lorraine O'Connell, Dangers of Alcohol and Drugs Talk, torthaí na Teastais Shóisearach, Turas Scoile go Párás i Márta 2019, Comórtas Díospóireacht Uí Chadhain agus Scléip.

Bliain 6: Comórtas Náisiúnta Treabhairdóireachta agus Clár Wiser le Lorraine O'Connell, Dangers of Alcohol and Drugs Talk.

b. **Forbairt Gairmiúil**

Rinne G. Ní Chonghaile cúrsa ar bhainistiú riosca leis an GRETB agus cúrsa ceannaireachta i Ath Luain, cúrsa PDST le C. Ó Loideáin

Beidh F. Ní Bhruadair agus M. Nic an Mháistir ag glacadh páirt san chúrsa forbairt Déardaoin seo.

Tá F. Ó Curraoin ceapaithe mar mhúinteoir corpoideachais don scoil gach Máirt

c. **Fás agus Forbairt**

Tá 80 dalta sa scoil, duine amháin ní bheidh sé a chomhaireamh ar an rolla, ceathrar sa chéad bhliain, tá duine amháin ag athdhéanamh cúrsa Bliain a 5.

d. **Infreastruchtúr agus struchtúr**

Rinne an Príomhoide cursíos ar caiteachas agus athchóiriú sa scoil.

e. **Comhphartíocht agus Nascanna**

Bhí an Príomhoide i teanghmháil le CAMHS, NEPS agus SENO,

Deirdre Tobin agus an GRETB

6. **Tuairisc Ó Choiste na dTuistí**
   Labhair ionadaithe ó Choiste na dTuistí faoi bhuairt tuismitheoirí i dtaobh na Gaeilge. D'aontaigh gach ball gur dúshlán í an Ghaeilge.

   Mhol S. Ó Cionnaigh go dtabharfar daltaí na Séú Bliana mar ghrúpa go dtí Lá Oscailte NUIG

7. **Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**
   Thug an Príomhoide le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú faoi aon chinn teidil.

8. **Tuairisc ar Chúrsaí Iompraíochta**
   Mhol an Príomhoide iompar na scoláirí agus thug sí le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú

9. **Aon Rud Eile**
   Mhol T. Ó Coistealbha obair foireann Choláiste Naomh Feichín.

Chuir T. Ó Coistealbha críoch leis an gcruinniú agus ghuí chuile beannacht ar phobail na scoile agus ar an bhfoireann as ucht a ndúthracht agus a ndíograis.

Ar son na scoile agus foireann na scoile, ghabh G. Ní Chonghaile buíochas as a gcuidiú agus tacaíocht.

Ós rud é nach raibh aon ghnó eile, tháinig deireadh leis an gcruinniú.

Sínithe: Tomás Ó Coistealbha Dáta: 9/1/2019

**Cathaoirleach**